

Cinneadh an

lena leasaítear liosta na substaintí a aicmítear mar dhrugaí támhshuanacha

Ard-Stiúrthóir Ghníomhaireacht Náisiúnta na Fraince um Shábháilteacht Táirgí Íocshláinte agus Sláinte (Agence nationale de sécurité du médicament et des produits de santé),

Ag féachaint don Chód Sláinte Poiblí, go háirithe Airteagail L. 5132-1, L. 5132-7, L. 5132-8, L. 5432-1, R. 5132-27 et seq.;

Ag féachaint don Chód Coiriúil, go háirithe Airteagail 222-34 go 222-43 de;

Ag féachaint don Ordú leasaithe an 22 Feabhra 1990 lena leagtar liosta na substaintí a aicmítear mar dhrugaí támhshuanacha;

Tar éis breithniú a dhéanamh ar mheicníocht gníomhaíochta cannaibionóidigh shintéiseacha, cibé acu is díorthaigh phytocannabinoid iad nó nach ea, atá freagrach as a n-éifeachtaí sícighníomhacha comhchosúla le deilte-9-teitrihidreacannaibionól, an fhéidearthacht go mbainfí mí-úsáid astu agus an fhéidearthacht andúil a chruthú, agus na rioscaí sláinte láithreacha a bhaineann lena n-úsáid;

De bhrí, i bhfianaise na n-éifeachtaí sícighníomhacha atá acu atá cosúil leis na héifeachtaí atá ag deilte-9-teitrihidreacannaibionól, is gá, mar réamhchúram ar mhaithe le sláinte an phobail, na substaintí sin a aicmiú gan mhoill;

Cinneann sé leis seo

Airteagal 1: Déanfar an liosta dá dtagraítear in Airteagal L. 5132-7 den Chód Sláinte Poiblí a tharraingt suas i gcomhréir leis na hiarscríbhinní a ghabhann le hOrdú thuasluaite an 22 Feabhra 1990, faoi réir na leasuithe a thugtar isteach leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2: Cuirtear na focail seo a leanas le hIarscríbhinn IV a ghabhann le hOrdú an 22 Feabhra 1990 lena leagtar síos liosta na substaintí a aicmítear mar dhrugaí támhshuanacha:

Na cannaibionóidigh seo a leanas:

- H2-CBD nó déhidreacannaibidé-ól nó H2-cannaibidé-ól;
- H4-CBD nó teitrihidreacannaibidé-ól nó H4-cannaibidé-ól;
- Aon substaint a dhíorthaítear ón bhfáinne beinsi[c]cróiméine, bíodh sé hidriginithe go páirteach nó go hiomlán ar fháinne A nó ná bíodh (a shainítear mar an fáinne iompair meitile neamhsháithithe i suíomh 9 den fháinne sin i dteitrihidreacannaibionól), bíodh sé ionadaithe nó ná bíodh i gceann amháin de na suíomhanna seo a leanas san fháinne:
 - o I suíomh 1 a bhfuil feidhm hiodrocsaile aige, bíodh sé eistearaithe nó ná bíodh, nó feidhm alcocsach;
 - o I suíomh 2 nó 4 a bhfuil feidhm charbocsaile acu;
 - o I suíomh 3 ina bhfuil ionadach adhmaintiol nó a bhfuil ailcil, ailcinil, ailcinil, cianacailcil ailcinile, halacailcil, cianacailcil, halacailcinil agus slabhra alcocsach ann, bíodh ionadach ailcile amháin nó níos mó ann in ionad an tslabhra sin féin nó ná bíodh, bíodh sé heitreachioglach

- nó ná bíodh, bíodh na fáinní sin nó na struchtúir fáinne heitreachothaithe sáithithe nó ná bíodh;
- o I suíomh 6 ag grúpa aileail amháin nó ag dhá ghrúpa aileail;
 - o I suíomh 9 ag feidhm céatóin, aileail, hiodrocsaileail nó alcocsach.

gan cannaibionól nó CBN a áireamh.

- 5F-CUMYL-PEGACLONE nó 5F-SGT-151;
- CUMYL-CH-MEGACLONE nó SGT-270;
- 7APAICA;
- 5F-7APAICA;
- CUMYL-P7AICA;
- 5F-CUMYL-P7AICA;
- BZO-HEXOXIZID nó MDA-19;
- BZO-POXIZID nó 5C-MDA-19.

Airteagal 3: Foilseofar an Cinneadh seo ar shuíomh gréasáin Ghníomhaireacht Náisiúnta na Fraince um Shábháilteacht Táirgí Íocshláinte agus Sláinte agus tiocfaidh sé i bhfeidhm 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe.

Arna dhátú